# Glór

Meitheal Pleanála
Teanga an Iarthuaiscirt
An Crannóg
Srath na Corcra
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
074 9560620 / 087 2491101

Márta 2023

*Buanú agus neartú na Gaeilge san Iarthuaiscirt*

# Is iomaí job a fhaigheann an t-Oifigeach Pleanála Teanga!




Rinne muid fáinní Gaeilge a bhronnadh ar rannpháirtithe an rang comhrá Gaeilge in Ionad Naomh Pádraig Dobhair!

Comhghairdeas leo uilig! Tá éacht bainte amach acu féin agus a múinteoir Gráinne Uí Dhónaill.



# Féile Scoil Dhrámaíochta in Amharclann Ghaoth Dobhair!

Is ardú croí agus meanma a bhí ann dúinn uilig a bhí i láthair in Amharclann Ghaoth Dobhair le linn Feile Scoil Dhrámaíochta ar na mallaibh. Tá ard mholadh tuillte ag na múinteoirí agus chuile duine a chuidigh leis na drámaí a chur ar an ardán. D'éirigh le cuid acu fáil fríd i bhFéile Uladh ansin le gairid agus guíonn muid gach ádh orthu siúd a bheidh ag glacadh páirt i bhféile náisiúnta scoil drámaíochta na hÉireann. Ní raibh ach lúchair ar an Mheitheal Pleanála Teanga roinnt maoiniú a chur ar fáil don imeacht speisialta seo!







# Imeachtaí Seachtain na Gaeilge PSGD

Chuir muid maoiniú ar fáil do Phobalscoil Ghaoth Dobhair do roinnt imeachtaí mar pháirt do Seachtain na Gaeilge. Ina measc, bhí toraíocht taisce do lucht na chéad bhliana. Bhain na daltaí uilig sult as an imeacht seo.

# Lá Mór Glantácháin i nGaoth Dobhair!

Ghlac muid páirt i Lá Glantácháin i nGaoth Dobhair ar na mallaibh. Míle buíochas do Treasa Gallagher , Comharchumannn Forbartha Ghaoth Dobhair agus Coiste Chnoc Fola as a gcuid oibre pleanála uilig agus do Phobalscoil Ghaoth Dobhair as a gcuid comhoibiriú.
Molaimid go hard na daoine óga a bhí páirteach linn ón idirbhliain agus an obair chruaigh uilig a rinne siad. Bhí grúpaí glantacháin i gCnoc Fola, Luinnigh, Doirí Beaga, Mín an Iolar, An Bun Beag, Dobhar agus Rann na Feirste.
Tús iontach curtha leis an Glantachán Mór 2023! Beidh níos mó imeachtaí á n-eagrú i rith an tSamhraidh, coinnigí súil amach agus bígí páirteach an chéad uair eile!




# Dún Lúiche ar an clár Bailte ar TG4!



Bhí Dún Lúiche i mbéal an phobail ansin ar na mallaibh nuair a bhí an cheantar le feiceáil ar an clár Bailte ar TG4. Bhí Martin Mac Eamharcaigh, Bríd Ní Chanainn, Brian Lacey agus Josephine Uí Cheallaigh le feiceáil ar an clár. Seo blaiseadh beag don chlár sa nasc thíos:

Bailte - Dún Lúiche, Dún na nGall | Player | Irish Television Channel, Súil Eile (tg4.ie)

# Cur aithne ar Ciarán



Ainm: Ciarán Ó Gallachóir
Post: Scoláire i bPobalscoil Ghaoth Dobhair
Caitheamh Aimseartha: ag aisteoireacht, ceol agus damhsa
Bia: Dinnéar na Nollag
Deoch: Lucozade Sport
Ceol: Amhrán ar bith ón ceoldráma les mis
Scannán: War for the planet of the apes
Clár Teilifíse: Brooklyn Nine-Nine
Ainmhí: Mhoncaí
Leabhar: Ní léighim !
Teanga Eachtrach: Tá mé ag deanadh fraincis don ardteist ach níl mé ró mhaith
Gréasán sóisialta: Instagram
Tionchar is mó ar do shaol: Eoghan Tom an Bhungaló (O.T.W)
Broadway nó West End: West End
iPhone nó Android: iPhone
TG4 nó RTÉ RnaG: TG4 le CU Burn a choimhead
Airgead nó Am Saor: Am saor
Laoch: Killian Donnely
Oíche amuigh: Teach Jack
Cuireadh chuig cóisir: Hughie Mac Eabharcaigh agus Pól James (don craic agus don ceol) agus Leah Nic Ghairbhigh agus Patrick Mac Fhionnlaoich (don damhsa)
Laethanta saoire: Salou
Aisteoir is fearr leat: Samuel Jackson
Seanfhocal: Giorraíonn beirt bóthar
Mana saoil: Na lig do inné nó amárach inniu a mhilleadh ort
Cén áit a ba mhaith leat a bheith i gceann 10 mbliana: Ba mhaith liom bheith ar an west end nó ar camchuirt le ceoldráma.

## Ranganna Gaeilge á mhaoiniú ag Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt

**Eolas**

- **Áislann Rann na Feirste**
  Ard rang achan Dé Céadaoine 9:30 - 12:30
  Bun rang ar líne  Teagmháil - 0749562222
- **Ionad Naomh Pádraig Dobhair**
  Dé Máirt 10:00 - 12:00 (Meascán Léibhealacha)
  Saor in aisce  Teagmháil - 074 9532949
- **Muintearas**
  Bun rang + méan rang achan Déardaoin 11 - 12:30
  Teagmháil - 0749532578
- **Ionad Pobail Chnoc Fola**
  Bun rang achan Dé Máirt 11- 12
  Teagmháil - 0879291953
- **An Crannóg**
  Achan Dé Luain 8-9 (Meascán léibhéalacha)
  Teagmháil - 0749532208




